
IT Sligo

An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

THE SUNDAY TIMES
2ú Institiúid Is Fearr San Iomlán
Treoir ar Dhea-Ollscoileanna 2011




# Tuarascáil Bhliantúil

## 2008-2009 & 2009-2010



Lairdesign

“

**Ceanglaíonn an clár forbartha reatha ag IT, Sligeach an t-am atá thart leis an am atá le teach go héasca sa réigiún seo ...**”

*An tUacharán Máire Mhic Giolla Íosa*
*ag labhairt ag Oirniú Leabharlann Yeats*





# Clár Ábhair


**Réamhrá** ........ 04

**Cúrsaí Acadúla** ........ 07

**Inniúlacht Taighde a Thógáil** ........ 15

**Chun Tosaigh i bhForbairt Réigiúnach** ........ 23

**Forbairt Caipitil** ........ 31

**Seirbhísí do Mhic Léinn** ........ 35

**Acmhainní Daonna** ........ 37

**Mórghníomhartha Spóirt** ........ 39

**An Bord Rialaithe agus Comhairle Acadúil** ........ 41

**Cuntais** ........ 45



**IT, Sligeach**
Lána na Fuinseoige,
Sligeach, Éire

**T** +353 (0) 71 91 55222
**F** +353 (0) 71 91 60475
**R** info@itsligo.ie
**L** www.itsligo.ie


## Buíochas:


Gabhann IT, Sligeach buíochas ó chroí as an tacaíocht a thug an Fhoireann, na Mic Léinn agus na Páirtithe Leasmhara ar fhorbairt na Tuarascála Bliantúla seo. Buíochas le Declan Bray agus le Seán Mullery as a gcuid grianghrafadóireachta. Níl ann ach léiriú sa doiciméad seo ar an dul chun cinn a baineadh amach ag an Institiúid sa tréimhse 2008/2010. Gabhaimid buíochas freisin as an tacaíocht agus as an gcistiú a thug na comhlachtaí mar seo a leanas.

# Réamhrá

**Iarrtar orainn ráitis phoiblí a thabhairt ar mhaoirseacht agus ar dhul chun cinn a rinneamar mar chuid dár bhfreagrachtaí as an obair a dhéanaimid agus as na hacmhainní a chuirtear ar ár n-iontaoibh. Cuireann siad i gcuimhne dúinn a bhfuil bainte amach againn agus na dúshláin atá inár n-aghaidh, go háirithe sa tráth seo atá lán de dhúshláin agus de dheiseanna.**

Téann an tréimhse faoi athbhreithniú díreach roimh chloch mhíle i stair na hInstitiúide, comóradh 40ú bliain. Sonraíonn sé athrú dosheachanta ón am sin, sa phobal ar a bhfuilimid ag freastal, sa tsochaí i gcoitinne agus sa gheilleagar a thugann deiseanna dár gcuid mac léinn agus a leagann síos leibhéal cistithe a thugtar dúinn le cuidiú linn le spriocanna uaillmhianacha ár bPlean Straitéiseach, 'Straitéis um Athruithe 2009 – 2012' a bhaint amach.

Tugtar sa Tuarascáil seo roinnt mórghníomhartha againn le linn tréimhse an fhómhair 2008 - fómhair 2010. Agus muidne ag druidim le deireadh na tréimhse sin, d'fhágamar slán le Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe, an Comhairleoir Joe Queenan. Le hómós a thabhairt dár gCathaoirleach atá ag dul as oifig agus le fáilte ó chroí a chur roimh ár gCathaoirleach nua, an tUas. Ray McSherry, ba mhaith liom buíochas ár bhfoirne agus mic léinn a thabhairt d'aire go foirmiúil as an tsainchomhairle agus spioraid seirbhíse don phobal a thugann gach comhalta an Bhoird Rialaithe againn do rialú na hInstitiúide.

Ní liosta de dhul chun cinn le dhá bhliain anuas é seo; níl ann ach sraith mionléaráidí. Léiríonn sé, áfach, na hathruithe inár dtimpeallacht fhisiceach agus inár dtimpeallacht oibriúcháin nua. Mórghníomh as a bhfuilimid bródúil ba é ár bPlean Forbartha €12 mhilliún a cuireadh i gcrích ag deireadh 2010. Áiríodh sa Chlár Caipitil an foirgneamh nua teicneolaíochta, Leabharlann Yeats thrí urláir, an tAonad Seirbhísí do Mhic Léinn nuathógtha agus áiseanna mórfheabhsaithe teagaisc, taighde agus spórt. Céim shuntasach chun tosaigh ba é seo chun timpeallacht oibre, foghlama agus caitheamh aimsire a chur ar fáil dár bhfoireann agus dár mic léinn, áiseanna atá oiriúnach do na héilimh a iarraimid orthu sa dara dheichniúr sa 21ú haois. Cloch mhíle eile a bhí ann i nDeireadh Fómhair 2010 nuair a tháinig an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa chuig an gcampas le Leabharlann Yeats a oirniú go hoifigiúil.

Thug baill fhoirne agus mic léinn gradam do IT, Sligeach i gcuid mhór réimsí gnóthachtála le dhá bhliain anuas agus leanann méadú ar líon na ndámhachtainí náisiúnta a tugadh dóibh.

Ní an spás ann ach do bhlaiseadh ar an dea-scéala seo, ach tugtar sa Tuarascáil an cineál próifíle náisiúnta agus idirnáisiúnta a thug a gcuid saothar don Institiúid. Lárchroí ár misin is é ról na hInstitiúide san Iarthuaisceart mar mhol réigiúnach don ardoideachas, do thaighde agus d'aistriú teicneolaíochta agus eolais agus nuálaíocht. Sa bhliain 2009, rinneamar ár Lárionad Nuálaíochta a athlainseáil agus tá sé anois ar na gníomhairí is ceannródaíochta fáis agus athnuachana sa cheantar, le tacaíocht a chur ar fáil do ghnóthais nuabhunaithe agus ag obair chun caidreamh ríthábhachtach cruthaitheach a thógáil idir ardoideachas, tionsclaíocht agus tráchtáil. Mar gheall ar chúlra eacnamaíochta na tréimhse, tá borradh ar líon na ndaoine, idir aois, óg agus cúlra, atá ag teacht isteach nó ag filleadh ar ardoideachas le cáilíochtaí aitheanta go hidirnáisiúnta a bhaint amach agus lena scileanna a thabhairt suas chun dáta le heolas éiritheach. Údar sásaimh ar leith dúinn ba é go raibh líon is mó riamh mac léinn lánaimseartha againn sa bhliain 2010.

Ar son an Bhoird Rialaithe, ba mhaith liom ómós poiblí a thabhairt do gach aon duine i bpobal acadúil na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach, do bhaill fhoirne agus do chomhghleacaithe atá ar scor, do mhic léinn agus do chéimithe agus dár gcuid comhpháirtithe as an saol tionsclaíocht agus proifisiúnta a dhéanann infheistíocht inár saothar le heolas agus le smaointe agus a dhéanann ábhartha iad do réaltachtaí an lae inniu. Dúradh gur institiúid "nach bhfuil modhanna athruithe aice is amhlaidh is ionann nach bhfuil modhanna a caomhnaithe féin aice". Mar fhocal scoir, is le muinín sa todhchaí a mholaim a bhfuil taifeadta sna leathanaigh mar seo a leanas. Deimhníonn sé spiorad na hathnuachana agus cumasú an phobail atá lárchroí ár misin réigiúnacha agus náisiúnta.





**An tOllamh Terri Scott**
*Uachtarán*



> **“Catalaíoch chun poist an gheilleagair chliste a mhealladh isteach sa réigiún... ”**

*The Sunday Times*
*Good University Guide 2011*




# Cúrsaí Acadúla

THE SUNDAY TIMES

# Tugann The Sunday Times ardmholadh ar ‘Institiúid Is Mó Feabhas ’’

**Bronnadh an t-ómós ‘Institiúid Is Mó Feabhas in Éirinn’ orainn agus léim deich n-áit a bhaint amach againn i Sraith-Tháblaí Ollscoileanna sa nuachtán ag a bhfuil an-tionchar, san Irish Times. Bhog an IT, Sligeach i mbliain amháin ón 21ú go 11ú háit ar an iomlán i suirbhé bliantúil ar na hollscoileanna is fearr in Éirinn.**

**Aithnítear sa bhronnadh agus tacaíonn sé ár bhfeidhmíocht thar gach catagóir le déanaí, go háirithe le linn an dá bhliain anuas.**



Packie Bonner agus Mícheál Ó Muircheartaigh a bhí i láthair ag Dámhachtainí na gClubanna agus na gCumann in 2010.

Agus é ag moladh na foirne agus na mac léinn uile as ar éirigh leo, dúirt Uachtarán na hInstitiúide Terri Scott: “Aitheantas dea-tuillte is é seo ar thiomantas agus ar obair chrua a rinne gach ball foirne agus mac léinn in IT, Sligeach. Vóta muiníne iontach is ea freisin do réigiún an Iarthuaiscirt agus dár gcuid comhpháirtithe agus lucht tacaíochta anseo. Is ionann an rath seo againn agus acusan.”

Moladh ár gcuid oibre thar ár bpunann iomlán i sraith-thábláí *The Sunday Times*. Áirítear sna himeachtaí faoi thrácht ár stádas mar phríomhsholáthraí maidir le cianfhoghlaim agus foghlaim ar líne go háirithe san innealtóireacht. Chuir an *Sunday Times* béim ar leith ar thaighde agus ar fhorbairt mar “a catalyst for attracting smart economy jobs to the region” (mar chatalaíoch chun poist an gheilleagair chliste a mhealladh isteach sa réigiún).

Cuireadh béim freisin sa sraith-thábla ar shásamh na mac léinn, coinneáil mhaith agus deiseanna fostaíochta do chéimithe agus dhírigh ar Scoil na hEolaíochta s’againn a mhéadaigh 30% de líon na mac léinn le hocht mbliana anuas.

## Athbhreithniú Institiúide ar Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)

**Ba í IT, Sligeach an chéad institiúid ardoideachais le dul faoi Athbhreithniú Institiúide faoin bPolasaí ar Athbhreithniú ar Sholáthraithe Ardoideachais agus Oiliúna ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) in 2008/2009.**

Ba é an príomhthoradh ag painéal saineolaithe, a raibh an tOllamh Tom Collins, Ceannaire na Roinne Oideachas, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ina chathaoirleach ann, go gcomhlíonann na socruithe um dhearbhú cáilíochta atá i bhfeidhm ag IT Shligigh de réir *Caighdeáin agus Treoracha Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta 2007, Helsinci*, agus *Treoracha agus Critéir HETAC um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas.*

Mhol an painéal líon saintréithe na hInstitiúide, lena n–áirítear ár gcumarsáid le tionsclaíocht sa réigiún; ár dtiomantas soiléir i dtreo cultúr feabhsaithe leanúnach i measc na foirne; cáilíocht eispéiris na mac léinn; cur chuige dearfach maidir le hinniúlacht i dteagasc agus i bhfoghlaim; agus na deiseanna méadaithe a chuirimid ar fáil maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn.

## Níos Mó Mac Léinn a Roghnaíonn Sligeach

Méadaíodh líon na mac léinn in 2009 agus 2010, a léiríonn, dár linn, ár gcumas chun cúrsaí ábhartha suimiúla a chur ar fáil do mhic léinn sa lá atá inniu ann. Tá 3,923 mac léinn lánaimseartha agus 2,095 mac léinn páirtaimseartha cláraithe againn faoi láthair.

**Líon na mac léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha**

| Mic léinn atá cláraithe | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| G&D | 2,256 | 733 | 2,989 |
| Innealtóireacht | 719 | 1,052 | 1,771 |
| Eolaíocht | 948 | 310 | 1,258 |
| Iomlán | 3,923 | 2,095 | 6,018 |

| Tréimhse | Lán aimseartha | Ceird | Gach Páirt aimseartha | Cian oideachas | Ríomh-fhoghlaim | I Seirbhís | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2008-2009 | 3,438 | 780 | 1,393 | 726 | 365 | 8 | 5,611 |
| 2009-2010 | 3,775 | 864 | 1,453 | 831 | 480 | 8 | 6,092 |

## Cláir Nua

**Tá 66 clár lánaimseartha agus 39 clár páirtaimseartha á dtairiscint againn faoi láthair.**

Áiríodh sna cláir nua atá a dtairiscint againn Baitsiléir Innealtóireachta i bPróiseáil Polaiméirí ag leibhéal 7, atá á chomhthairiscint le hIT Átha Luain. Is é seo an chéad chomhaontú comhoibrithe den chineál seo san earnáil Institiúid Teicneolaíochta.

Sa Scoil Eolaíochta, bhí an chéad ghrúpa mac léinn againn do Chláir in Eolaíocht Cógaisíochta agus Seandálaíocht Fheidhmeach, leibhéal 7 páirt aimseartha agus Biteicneolaíocht Mhíochaine, leibhéal 8. Cláraíodh breis agus 30 rannpháirtí sa chlár Bainistíochta Comhshaoil, leibhéal 6/7, 15 acu a tháinig isteach faoin tionscnamh Ghníomhachtúchán an Lucht Saothair, clár a soláthraíodh trí Chianfhoghlaim.

Mealladh 35 mac léinn isteach inár mBaitsiléir Eolaíochta nua i bhForbairt Cluichí sa Ríomhaireacht , agus leis sin chonacthas méadú ar líon iomlán na mac léinn ríomhaireachta sa chéad bhliain go 110. Sa Roinn Margaíochta, Turasóireachta agus Fóillíochta, cláraíodh 113 mac léinn sna cúrsaí ionadacha don Ardteastas sa Mhargaíocht. Bailíochtaíodh Baitsiléir Ealaíon sa Chuntasóireacht ag leibhéal 8 in éineacht le hocht nDámhachtain Sainchuspóireacha i Scileanna Taighde Cineálacha ag leibhéal 9.



## Mórghníomhartha na gClár

Ba é an BBS in Áineas agus Fóillíocht an chéad chlár dá leithead le creidiúnú ag European Health and Fitness Association a bhaint amach. Bhronn an Royal Institute of British Architects (RIBA) Stádas is Iarrthóir ar BA (Onór.) san Ailtireacht Intí. Is é seo an dara chúrsa in Éirinn an stádas seo a bhaint amach le RIBA agus is é an t-aon chúrsa amháin in Éirinn a d'aithin European Council of Interior Architects (Comhairle Eorpach na nAiltirí Intí).

## Éileamh ar Chúrsa i gCúram Coinneála

**Sampla sármhaith is ea ár gcúrsa nua Ardteastas sna hEalaíona i gCúram Coinneála (HCCC) ar na cineálacha clár nuálacha atá á bhforbairt anseo in IT, Sligeach.**

Ghlac thart ar 700 duine páirt sa chúrsa go dtí seo, agus bronnadh céim ar bhreis agus 300 acu cheana féin. Is é an cúrsa seo an t-aon cheann amháin dá leithéid in Éirinn. Tá sé ceaptha go sonrach le riachtanais na Seirbhíse Príosún a chomhlíonadh agus tá sé soláthraithe thar réimse aonad lena n-áirítear Aonad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Príosún na hÉireann (Irish Prison Service Training and Development Centre (IPSTDC) i bPort Laoise, agus i bpríosúin áirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath. Soláthraítear do na hoifigí príosúin nua-earcaithe i Seirbhís Príosún na hÉireann é.

Rinneadh an chéad bhronnadh i Márta 2009 nuair a bronnadh céim ar 40 oifigeach príosúin i searmanas bronnta in IPSTDC i bPort Laoise, a raibh an tAire Dlí agus Cirt ina cheannas ann.

D'imir tiomantas láidir agus obair díograiseach na foirne príomhról i bhforbairt agus i seachadadh an HCCC. Áirítear sa phríomhfhoireann cathaoirligh ár gclár, Mary Clarke agus Kevin Sludds; Finola Cogan-Carey, an Dr. Marcus Hopkins, Paula Kenny, an Dr. Liam Leonard, Sinéad Meade, Maresa McGee, Karen Patton, an Dr. Gwen Scarbrough, Mary Kilfeather, Paul Walsh, agus ár gCeannaire Roinne, an Dr. Perry Share.



I láthair ag Chéad Bhronnadh HCCC i dteach Bhéal Fhada, Port Laoise in 2010, ó chlé go deas; an Dr. Perry Share, Ceann Roinn Daonnachtaí; Brian Purcell, Stiúrthóir, Seirbhísí Príosún na hÉireann; an tUas. Dermot Ahern TD, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; an tUas. John McGuckin, Leas-Rialtóir, Seirbhísí Príosún na hÉireann; agus an Dr. Brendan McCormack, Cláraitheoir.

## Rath ag AmazED i gCorn Microsoft Imagine

**Bhain dhá fhoireann mac léinn barr trí áit sa chomórtas náisiúnta in Éirinn dar teideal Microsoft Imagine Cup Meitheamh 2009. An comórtas teicneolaíochta mac léinn is mó ar domhan is é an Imagine Cup a óstlann Microsoft. Bronnadh an dara háit ar ár bhfoireann AmazED i réimse breis agus 500 foireann, agus bronnadh an tríú háit ár bhfoireann MediKnight.**

Phléigh an tionscadal AmazED le riachtanais fholmha na leanaí óga, ag cur ar a gcumas matamaitic a mhúineadh dóibh féin le cuidiú le cluiche Xbox de chuid Microsoft agus NXT Lego Mindstorm. Roghnaíodh an fhoireann AmazED don chlár Innovation Accelerator de chuid Microsoft freisin mar gheall ar acmhainneacht shuntasach thráchtála a thionscadail.

Rinne an fhoireann MediKnight córas a fhorbairt a ligeann don lucht proifisiúnta leighis sa domhan forbartha nasc díreach a dhéanamh le foireann leighis atá ag obair i réigiúin neamhfhorbartha. Tá pleananna leagtha síos leis an tionscadal seo a bhunú agus a chur i bhfeidhm i Iiachtlann in Lusaka, an tSaimbia.



Foireann MediKnight, IT Shligigh: Amir Agabbi, John Paul Sheridan, Robert Carroll, Maire Gill lena Meantóirí an Dr. John Hessian, Tom McCormack an Dr. Pal Flynn agus Pádraig Harte.

## 1,200 ag Laethanta Oscailte



**Meallann Lá Oscailte Bliantúil na hInstitiúide breis agus 1,200 mac léis as 35 meánscoil / Coláiste FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) in éineacht le breis agus 50 múinteoir gairmeacha.**

Feidhmíonn caoga mac léinn reatha as IT Shligigh mar threoraí turais agus ambasadóirí mic léinn. Bhí 26 caint dhifriúil faoi chláir éagsúla agus breis agus tríocha seastán agus taispeántán ann.

## Casadh Súl Ar Ré Nua, Dúshláin Nua, Cláir Nua



Bhuaigh an Car Leictreach 'an Riva' i nDámhachtainí, 'Green Planet' (An Pláinéad Glas)

### Dámhachtain Green Planet

Bhí an bua ag Cumann an Chomhshaoil a bhain an phríomhdhuais sna Dámhachtainí Green Planet. Bhailigh ceannairí na foirne eochracha an chairr leictrigh úrnua Reva, a bhfuil luach breis agus €13,000 air. Bhain an fhoireann an carr mar dhámhachtain as a 'Eco-Eating Week' ('Seachtain Éici-Ithe) idirghníomhach a bhí ann i Márta 2009.

Tionscnamh tríú leibhéal náisiúnta is iad na dámhachtainí, atá dírithe le mic léinn a spreagadh le measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a imríonn daoine ar an gcomhshaol.

### An Chéad Duais do Mheicitreonaic

Bhain ár bhfoireann Meicitreonaic an chéad duais ina rannóg ag an gComórtas Ceannais Scileanna Náisiúnta, a léiríonn cáilíocht na hoiliúna san araíonacht is mó fás ag IT, Sligeach. Roghnaíodh baill na foirne Robert Carroll agus Thomas Burke mar ionadaithe na hÉireann ag an gComórtas Ceannais Scileanna Domhanda i gCeanada.

### Comórtas Fiontraíochta Newstalk

Le linn 2009 freisin rinneamar Comórtas Fiontraíochta na Mac Léinn Newstalk 106-108fm a óstáil. Bhain foireann IT Shligigh anuraidh é.

### Caidrimh a Thógáil

Rinneadh Meabhrán Tuisceana (MoU) a mhalartú agus a shíniú le hOllscoil Villanova, Philadelphia, maidir le rannpháirteachas le MSc in Eolaíocht Bhithchógaisíochta a sholáthar. Tá saineolas san Innealtóireacht Bhithchógaisíochta ag Villanova a sholáthraíonn siad ar líne isteach sa Chlár.

Síníodh MoU freisin le beirt chomhghleacaí i SAM mar chuid de Mhisean Oideachais de chuid Enterprise Ireland. Cuirfidh na comhaontuithe ar chumas na mac léinn as ár Rannóg Daonnachtaí dul i mbun staidéir in Ollscoil Stáit Westfield agus i gColáiste Wheelock in Massachusetts. Déanfaidh mic léinn as an dá choláiste seo taisteal anseo le staidéar a dhéanamh ag IT Shligigh.

Thug Príomhoifigeach feidhmiúcháin nua den Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bith-phróiseála ( (NIBRT), an Dr. Maurice Tracey, agus an Bainisteoir Oiliúna, an Dr. Ian Nelligan, ar an Institiúid le haghaidh seisiúin taithíocha agus plé le réimsí comhoibrithe sineirgigh a chur chun chinn. Comhalta bunaidh de NIBRT is é IT Shligigh le UCD, TCD agus DCU. Faoi láthair, tá an Scoil Eolaíochta ag rolladh amach soláthar MSc in Eolaíocht Bhithchógaisíochta in éineacht le NIBRT, a chomhdhearaigh an cúrsa leis an Scoil.

Tá áthas orainn le rá go bhfuil comhoibriú ann freisin le Coláiste Ríoga na Lianna, Institiúid Teicneolaíochta Átha Luain, agus an Chomhghuaillíocht um Thaighde, i measc eagraíochtaí eile.

### Rannpháirtíocht sa Phobal

Mar fhreagairt ar chor chun donas sa gheilleagar, tá an fhoireann i mbun rannpháirtíochta le gníomhaireachtaí áitiúla lena náirítear FÁS agus an Roinn Leasa Shóisialaigh lena chinntiú gur féidir leo siúd atá ag iarraidh filleadh ar an oideachas nó scileanna a fhoghlaim, gur féidir leo comhairle agus rochtain a fháil ar na cláir lena mbaineann.

Mar shampla, rinneadh forbairt ar chlár leibhéal 5 deich seachtaine le riachtanais fhoghlama na bprintíseach, nach féidir fostaíocht leanúnach a fháil, a chomhlíonadh. Cuireadh tús le hArdteastas Luathaithe sa Ríomhaireacht a sholáthar. Ag leibhéal náisiúnta táimid i mbun comhpháirtíochta leis an EGFSN (Grúpa Saineolaithe um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí) agus an DETE (An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta) leis an bhfreagairt is oiriúnaí a thabhairt.

### Céim ar Aghaidh i dtreo Dúshlán Nua Fostaíochta

Is é an aidhm againn go bhfuil ar gcuid céimí réidh don áit oibre nua-aimseartha. Is dúshlán é seo mar gheall ar na cúrsaí eacnamaíochta atá ann faoi láthair, ach is dúshlán atáimid tiomanta le comhlíonadh.

Is as gach cearn den tír ár gcuid céimithe, agus as an Eoraip agus níos faide amach cuid eile, iad uile a rinne staidéar lánaimseartha, páirtaimseartha agus trí rogha cianfhoghlama.

Sa bhliain 2008, bronnadh cáilíochtaí ar 1,929 mac léinn. 1,778 sa bhliain 2009 agus chonacthas 2,263 sa bhliain 2010.

Mhínigh an tOllamh Terri Scott Uachtarán an diongbháilteacht atá againn:

"Sa lá atá inniu ann, bíonn páirt ag 60% in oideachas 3ú leibhéil. Tá tionsclaíocht den chéad scoth á feidhmiú anseo agus tá ceannairí teicneolaíochta ar thús cadhnaíochta i bhfionnachtain eolaíochta. Dé réir mar a imíonn raic an bhorrtha neamh-inbhuanaithe, is iad na céimithe a chuideoidh linn foinsí fáis eacnamaíochta níos inbhuanaithe a chruthú, agus ár rathúnas a athnuachan dá réir."

### An-bhua léirithe ag taispeántais bhliantúla


**Bíonn taispeántais bhliantúla ar Dhearadh Ailtireachta Intí, Dearadh Tionsclaíoch, agus ar mhic léinn Mhínealaíne gach Meitheamh. Bíonn cuid mhór daoine ag freastal ar na taispeántais agus bíonn sárchaighdeán ar an obair atá ar taispeáint i gcónaí.**

## Foghlaim Innealtóireachta ar Líne ag Dul ó Neart go Neart

**Le linn an dá bhliain anuas, dhaingníomar ár seasamh mar an phríomhinstitiúid in Éirinn maidir le cláir innealtóireachta ar líne. Ba é €1.8 milliún an t-ioncam in 2009 as táillí ar chláir ar líne, rud a léiríonn an réimse seo mar fhócas le haghaidh tuilleadh forbartha.**

Táimid aitheanta mar cheannaire i bhforbairt físléachtaí beo (sioncronacha) ar líne. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an rogha ag mic léinn na gclár ar líne ag IT, Sligeach, amharc ar a gcuid léachtaí am ar bith agus áit ar bith mar is mian leo le iPod, iPad, fón póca nó aon seinnteoir MP3 a bhfuil fístaispeáint iontu. Soláthraíonn IT, Sligeach cláir ar líne chuig 8 gcinn as an mbarr 10 mórfhóstóir ilnáisiúnta sna hearnálacha déantúsaíochta, feistí leighis agus cógaisíochta. I margadh an-iomaíoch oideachais agus oiliúna, léiríonn sé seo arís ardchaighdeán na gcúrsaí ar líne ag IT, Sligeach.

Cuireadh cúrsaí innealtóireachta ar líne ag IT Shligigh ar ghearrliosta do Dhámhachtainí Barr Feabhais um Sheirbhísí Poiblí an Taoisigh, 2010. Bhí breis agus 200 iarratas ó thar an earnáil phoiblí agus bhí IT Shligigh i measc na 50 is deireanaí.





## An Bua ag Mic Léinn Deartha

**Cathaoireacha cairtchláir agus cúntóirí digiteacha – fuair na dearaí nua corraitheacha, a rinne mic léinn deartha cruthaitheacha ag IT Shligigh agus baill foirne, trí dhámhachtain náisiúnta. Bhain na mic léinn trí cinn as an mbarr cheithre áit i gComórtas na Mac Léinn Seachtaine Deartha de chuid Institute of Designers in Ireland.**

Ba é Robert J Boormann as IT, Sligeach buaiteoir an Chomórtais 'Design Week Student Design Competition'. Bhí ar na hiontrálaithe cathaoir a dhearadh as dhá leathán cairtchláir roctha.

Bhí na breithiúna an-sásta le cáilíocht fhoriomlán na n-iontrálacha, bhí an chathaoir snasta ciumhsach a rinne Boorman 'IKE & MIKE' ar bharr liosta na mbreithiúna araon. Ba iad Marta Slawinska as IT Shligigh lena cathaoir ghruach 'Edgy' agus Vincent Naughton as IT Shligigh lena chathaoir shimplí ach snasta 'Simplex' i measc na ndaoine a fuair an dara háit.

## Ár gcuid Mac Léinn Vorsprung Durch Technik

**'Caighdeán an-ard ar fad' a chuir Stephan Sielaff, Ceannasaí Deartha in AUDI na Gearmáine, síos ar thaighde a chuir na mic léinn Dearaidh as IT Shligigh i láthair.**

Thaistil na mic léinn i nDearadh Cruthaitheach go AUDI na Gearmáine, áit ar chuir siad a gcuid torthaí ar choincheapa soghluaisteachta pearsanta i láthair.

Bhain an tionscadal le taighde ar shoghluaisteacht sa todhchaí. I dtreoir an tionscadail scrúdaigh ár mic léinn ar thionchar na ndúshlán mór in aghaidh an tionscail uathghluaisnigh agus ar na saincheisteanna a bhaineann le hiompar pearsanta amach anseo.

Rinne céimí de chuid IT Shligigh, David Caffrey, léirmheas ar choincheapa na mac léinn, a thur cuairt ar an gcoláiste ceithre huair le linn tréimhse an tionscadail.

Bhí David ag obair trí na leibhéil éagsúla i ndearadh AUDI ón am ar bhain sé a chéim amach in 1985, agus d'éirigh mar dhuine dá gcuid dearthóirí sinsearacha carranna. Bhí sé ina phríomhdhearthóir do dhearadh seachtrach an AUDI Q.




*Chonacthas Márta 2010 an chéad seó céime – Blood Wedding – lenár mic léinn Ealaíon Taibhiúcháin BA (Onór.) Chuir an grúpa Blood Wedding i láthair, a bhí stiúrtha ag Declan Drohan Léachtóir sna hEalaíona Taibhiúcháin. Bhí an seó ar siúl thar thrí oíche sa Factory.*




# Inniúlacht Taighde a Thógáil

# "Leigheasanna nua don ailse, cosaint an chomhshaoil, taighde sláinte poiblí, teicneolaíocht ancaire farraige agus áiseanna fréamhshamhaltaithe nua ..."

**Tá siad seo i measc cuid de na cláir taighde ceannródaíoch ag IT Shligigh as a bhfuaireamar cistiú taighde. Mheallamar breis agus €5 mhilliún san iomlán isteach idir 2008 agus 2010 i gcistiú taighde seachtrach.**

## Straitéis Nua do Thaighde

**Ghlacamar le Straitéis Taighde nua le díriú isteach go mór mór ar thaighde feidhmithe, ar mhalartú teicneolaíochta agus eolais le tacú le saibhreas a chruthú agus cáilíocht níos fearr a bhaint amach sa saol.**

Is é ár n-aidhm ná:

- **inniúlacht i dtaighde feidhmithe agus cultúr nuálaíochta a fhorbairt a bhaineann faitíos roimh theip dár bhfoireann agus dár mic léinn.**
- **líon "Grúpaí Taighde Straitéise" a bhfuil baint acu le réimsí téamacha a bhunú agus síolcistiú, infheistíocht caipitil agus acmhainní a dhíriú chun mais chriticiúil a bhaint amach, chun naisc idirnáisiúnta a chothú agus chun clú a thógáil.**
- **éirí ina mholl réigiúnach d'eolaíocht fheidhmithe, ag cur rannpháirteachais chun cinn leis an bpobal agus leis an tionsclaíocht.**
- **líon na 'foirne gníomhaí taighde' a mhéadú trí dhreasú, oiliúint, earcaíocht agus coinneáil níos fearr.**
- **taighde treoraithe agus taighde bhunaithe a dhéanamh de theagasc mar chuid lárnach de sholáthar na gclár.**
- **líon tionscadal taighde agus an próiseas tacaíochta a fhorbairt**

Ba é ár gcéad pointe seachadta ná sraith grúpaí taighde agus cnuas taighde a bhunú. Faomhadh na grúpaí mar seo a leanas agus tá siad i bhfeidhm anois:

San Eolaíocht, bunaíodh grúpaí taighde d'Fholláine Chomhshaoil agus Inbhuanaitheacht agus Eolaíocht Anailíseach agus Bith-Anailíseach. Bunaíodh cnuas taighde in Eolaíocht Seandálaíochta.

San Innealtóireacht, bunaíodh grúpaí taighde d'Innealtóireacht Gheoiteicniúil agus Lárionad um Dhearadh agus Nuálaíocht. Rinneadh cnuas taighde in Innealtóireacht Bithleighis freisin.

Sa Ghnó agus Daonnachtaí, bunaíoch grúpa taighde aitheanta ag Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus bhí an cnuas taighde comhdhéanta de Ríomhaireacht agus IT.



## Deontais Iontacha, Taighde Iontach

**Fuair an pobal taighde ag IT Shligigh líon deontas agus íocaíochtaí de luach breis agus €5 milliún Ina measc dóibh siúd, bhí líon príomhphointí ann.**

Fuaireamar €585,000 ó Science Foundation Ireland don ghrúpa Stokes Lectureship. Lig sé sin don Dr. James Murphy agus a fhoireann taighde dul isteach linn ó DIT go IT Shligigh agus Grúpa Taighde Bitheolaíochta Miteacoindrí agus Radaíochta a bhunú. Beidh cistiú ann ar feadh cúig bliana. Faoi láthair dííonn taighde an Dr. Murphy ar leigheasanna úrnua ar ailse agus ar theiripí nua craicinn.

Mheallamar €32,500 isteach faoi STRIVE 'Scéim taighde Figiúirí beaga agus Máistreachta' de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Saineolaí aitheanta idirnáisiúnta i dtaighde bhithmhóilínigh, sláinte phoiblí agus chomhshaoil is í an Dr. Frances Lucy ónár Roinn Eolaíocht an Chomhshaoil. Lig an íocaíocht don Dr. Lucy agus dá cuid taighdeoirí leanúint le modheolaíochtaí úrnua a fhorbairt maidir le cripteaspóiridiam i soláthar uisce a shainaithint. Déanfar an taighde i gcomhar le taighdeoirí in UCD.

Thug an tÚdarás Ardoideachais €181,000 dúinn le ligean dúinn staidéaracht PhD a bhunú chun obair Léibheann Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann (ISSP) a fhorbairt. Rannpháirtí in ISSP is é ár Roinn Daonnachtaí, comhoibriú le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Bhí An Dr. Perry Share i gceannas an taighde.

Fuaireamar €140,000 faoin Scéim um Fheabhsú Taighde de chuid an Údaráis Ardoideachais. Baineadh úsáid as an airgead sin le hOifig Taighde a fhorbairt don Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí, rud a thugann spás taighde atá ceaptha do na mic léinn iarchéime. Thug sé airgead freisin do Shaotharlann mear-fhréamshamhaltaithe a bhfuil baint aice le Lárionad um Dhearadh agus Nuálaíocht agus leis an Scoil Innealtóireachta.


Fuaireamar €318,000 sa bhreis ó chiste um Threalamh Taighde Fhiontraíocht Éireann le híoc as trealamh úrscothach don tsaotharlann mear-fhréamshamhaltaithe.

Faoin scéim um Threalamh Thaighde an Údaráis Ardoideachais, atá ceaptha le cuidiú le hinstitiúidí a gcuid stoc taighde a fheabhsú, fuaireamar €132,000 as a mbaineadh úsáid le trealamh anailíseach a bhaineann leis an nGrúpa Taighde Shláinte Phoiblí Comhshaoil Bhithmhóilíní a cheannach.

Trí Chiste Tráchtálaithe ag Fiontraíocht Éireann, tugadh €278,000 don Ghrúpa Taighde Geoiteicniúil, a mhaoinigh tráchtálú taighde i dteicneolaíocht ancaire farraige. Ba é an Dr. Conleth O'Loughlin an príomhthaighdeoir.

Thug Fiontraíocht Éireann €194k don Dr. David Toomey le Comhpháirtíocht Nuálaíochta a bhunú le Amazonite.

Fuair an Dr. Chris Read, €14k ó Acadamh Ríoga na hÉireann le céim iar-thochailte na dtochaltán i Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin a chur i gcrích.



Rinneadh trácht ar an Dr. Down sa sraith teilifíse RTÉ "Blood of the Irish", agus í ag labhairt faoi thochailt taisí duine in uaimh Ghleann Corráin sa Bhoirinn agus faoi anailís ar DNA ársa.

## Seandálaíocht Uaimheanna

**Fuaireamar ár gcéad chomhaltacht IRCHSS riamh a raibh luach €120k uirthi. Bronnadh an chomhaltacht ar an Dr. Marion Dowd do *Thionscadal Sheandálaíocht Uaimheanna na hÉireann.***

Chomhordaigh an Dr. Dowd an tionscadal, lena raibh baint ag ionchur ó deichniúr saineolaí as ollscoileanna agus músaeim thar Éirinn agus an Bhreatain. Foilseoidh Oxbow Books Oxford, príomhfhoilsitheoirí téacsanna seandálaíochta acadúla in Iar-Thuaisceart na hEorpa, dhá leabhar as torthaí na hoibre.

Tá an Dr. Dowd i gceannas foirne atá ag tochailt uaimh Ghleann Corráin sa Bhoirinn ón mbliain 2004. Sa bhliain 2009 tháinig siad ar bhráisléad bhrád "iontach" Lochlannach 1,150 bliain d'aois. Chuir Marion síos ar an bhfríth mar "fhionnachtain shuntasach" do sheandálaithe: "Tá an bráisléad brád an ceann Lochlannach is mó a fuarthas in Éirinn. Tarlaíonn sé go mbíonn líon beag clocha na Lochlannach á n-aimsiú, ach ní bhfuarthas a leithéid den rud a fuarthas ag Gleann Corráin."

Tá Marion den bharúil gur féidir go ndearnadh an bráisléad brád a thrádáil idir na Lochlannaigh i Luimneach agus na tuathaigh Ghaelacha sa Bhoirinn.

Mhaoinigh Acadamh Ríoga na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na tochaltáin.





## Méadú Suntasach i Staidéar Dochtúra

**Thar an Institiúid, tá breis agus 60 mac léinn againn ar an gclár taighde, an líon is mó go dtí seo. Le linn na bliana 2009, d'aistrigh ochtar mac léinn ar an gClár Máistreachta go taighde ag leibhéal PhD.**

I measc ár réamhchéimithe PhD a bhí na daoine mar seo a leanas:

- James Hanrahan a chuir miontráchtas i gcrích ar *Host community participation in sustainable tourism planning in Ireland.* Léachtóir is é James i dTurasóireacht Inbhuanaithe ag IT Shligigh. Rinne an Dr. Stephen Boyd as Ollscoil Uladh an mhaoirseacht air.
- Rinne Gwendolyn Scarborough miontráchtas ar *The Public Houses in Ireland: A Genuine "Third Place"? A case study of pubs and public Drinking in the North West of Ireland.*
- Rinne Carmel Moran-Hunter miontráchtas ar *Transfer of Radionuclides from Soil to Vegetation in Selected Irish Ecosystems.* Bhí an taighde seo mar chuid de Chlár Taighde Bith-solad arna gcistiú ag PRTLI.

## Gnóthachtálacha Taighde

**Idir na blianta 2008 agus 2010, chuir foirne taighde líon tionscadal tábhachtacha i gcrích.**

Bhí ár bhfoireann taighdeoirí, faoi cheannasaíocht Stephen Reid, i gceannas comhoibrithe le Northern Regional College (NCR), an Baile Meánach. Mhaoinigh an Clár INTERREG 3A an tionscadal The Robotics in Integrated Manufacturing in the 21st Century (RIM 21), a raibh luach €1.9 milliún air.

Rinneadh scrúdú sa tionscadal *Integrated Farm Waste Management*, arna chistiú ag INTERREG 3, ar theicneolaíocht nua a dhéanann díleá anaeróbach na dramhaíola feirme coigilteach ar an bhfeirm aonair, nó ar scála grúpaí beaga feirmeacha.

Bhí SWC, an Ómaigh i gceannas an tionscadail, agus áiríodh ár bhfoireann taighde agus comhpháirtithe eile san earnáil phríobháideach i dTuaisceart Éireann. Scrúdaigh ár dtaighdeoirí gnéithe díleá an tionscadail. Ba é €1.1 milliún an luach iomlán ar an tionscadal. Ba é an Dr. John Bartlet, Ceann Taighde, Príomh-imscrúdaitheoir IT Shligigh.

Rinneadh imscrúdú ar bharrscoitheadh saileach do choirí adhmad-dó sa tionscadal dar teideal *Fermanagh Energy*. Bhí SWC, an Ómaigh i gceannas an tionscadail, agus maoinithe faoi INTERREG 3. Ba é €350,000 luach an tionscadail do IT Shligigh agus bhí an Dr. Billy Fitzgerald, Ceann Roinn Eolaíocht an Chomhshaoil, i gceannas ár bhfoirne.

Cuireadh críoch le tionscal *Tionscnamh ACCESS* a mhaoinigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tionscadal an-scála a bhí ann lena raibh baint ag páirtithe leasmhara as líon gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, tionsclaíocht phríobháideach agus as an bpobal atá bainteach le Treoir an AE maidir le Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil. Ba é €226,000 luach an tionscadail iomláine. Ba é an Dr. John Bartlet, Ceannaire Taighde, Príomh-imscrúdaitheoir IT Shligigh agus bhí Micheal Ewing i gceannas ár bhfoirne taighde.

Síníodh comhaontú ceadúnaithe paitinne idir IT Shligigh agus HemCon Medical Technologies do theicneolaíocht nua um chúram cneáite a bhí forbartha ag ár gcuid taighdeoirí, an Dr. James Brennan, Ceann Roinn Eolaíochta Feidhmithe, an Dr. John Barrett, Léachtóir, an Roinn Eolaíochta Feidhmithe agus an Dr. Thomas Patten, Léachtóir, an Roinn Eolaíochta Feidhmithe.




Brian Coll, Léachtóir; Olivia Lannon, Taighdeoir Sinsearach Cáilíochta; an Dr. Jimmy Devins TD, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; John Jennings, Taighdeoir Sinsearach Ceimiceach, an Dr. John Donovan, Léachtóir; an Dr. John Bartlett, Ceann Taighde.

## Cill Bhreosla Iniompartha le hIT Shligigh

**Ba as an tionscadal *Celestica Power Cell* a forbraíodh an chéad mhionchill bhreosla iniompartha ar domhan. Agus é maoinithe ag Fiontraíocht Éireann tríd an scéim Comhpháirtíochta Nuálaíochta, ba é Celestica na Gaillimhe ár gComhpháirtí tionsclaíoch.**

I ndiaidh comhthaighde a dhéanamh dúinn, rinneadh forbairt ar líne tháirgte nua ag monarcha na Gaillimhe, rud a rinne táirge na cuideachta a éagsúlú agus chuidigh le breis agus 100 post a chruthú.

Ba é €331,000 luach an tionscadail iomláine. Ba é Brian Coll, an Scoil Innealtóireachta, Príomh-imscrúdaitheoir IT Shligigh, agus chuidigh John Donovan, an Scoil Innealtóireachta, in éineacht le beirt thaighdeoir sinsir, John Jennings agus Olivia Lannon leis.

Tá an Luchtaire Cille Breosla Iniompartha Xtreme an chéad chóras cumhachta cille breosla, iniompartha pearsanta ar domhan atá deartha d'fhóin chliste. Tugann sé cumhacht mheandrach, mhóibíleach, gan bhuairt i gcásanna criticiúla agus éigeandála.

Tá sé cumhachtach go leor le líon éagsúla gléasanna leictreonacha a rith agus a luchtú amhail fóin chliste, iPhone, Blackberry, iPod, seinnteoirí MP3, gléasanna GPS, gléasanna cinn Bluetooth, PDAs, agus tuilleadh.







## Go Domhan Isteach sa Taighde

**Tá foireann taighdeoirí faoi cheannas an Dr. Jeremy Bird ag déanamh scrúdaithe ar líon cnámharlach daonna 12ú haois a fuarthas i láthair adhlactha i ndeisceart Dhún na nGall.**

Tháinig seandálaithe ar na 1,250 cnámharlach le linn tochaltán ag deireadh na bliana 2003, thar an bhealach N15, ar sheachbhóthar Bhun Dobhráin-Bhaile Sonnáin ag Baile Sheanaidh. Le linn na mblianta beaga anuas bhí ár gcuid taighdeoirí agus foireann as Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, ag déanamh anailíse ar na hiarsmaí le fianaise a fháil ar chothú agus ar shláinte, i dtionscadal arna gcistiú ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Tá an taighde dírithe le fáil amach cé chomh minic a bhí claochlú DNA ar leith ann sna daoine meánaoiseacha a bhfuil páirt aige i bhfiobróis chisteach." Táimid ag iarraidh fáil amach an raibh difear ann sa chlaochlú 800 nó 900 bliain ó shín," a deir an Dr. Jeremy Bird.

Tá na taighdeoirí ag obair ar an tionscadal i gcomhar leis an Ollamh Philip Farrell ag Ollscoil Wisconsin, a bhfuil an grúpa aige ag déanamh scrúdú ar stair na gclaochluithe i bhFiobróis Chisteach ar fud na hEorpa.



## Ollfhrídí Dea-Olaithe

**Aimsíodh oibreáin fhrithbhaictéaracha fhéideartha as bláthola a bhfuil an cumas acu réimse frithbhaictéarach a mharú lena n-áirítear Staphylococcus aureus meiticillinfhriotaíoch, ar a dtugtar MRSA i dtaighde leis an Roinn Micrea-bhitheolaíochta, Otharlann Ghinearálta Shligigh (SGH).**


Thosaigh mac léinn PhD Julien Thibault agus Karen Hickey, Eolaí Sinsearach Míochaine, an Roinn Micrea-bitheolaíochta, SGH, ar an staidéar le cistiú ag Fondúireacht um Thaighde agus Oideachais, SGH. Iarradh orthu cé acu blátholaí agus a gcuid comhpháirteanna is éifeachtaí in aghaidh baictéarfhriotaíoch i dtéarmaí cliniciúla a shainaithint.

Rinneadh imscrúdú ar réimse MRSA agus ar bhaictéirfhriotaíocha eile.

Dúirt Julien Thibault: “Rinneamar tástáil ar réimse fairsing olaí agus a gcuid comhpháirteanna. As na holaí sin, is féidir úsáid a bhaint as clóbh, féar líomóideach, ciotrónán, tím, oragán, cainéal nó ola an chrainn tae mór-éilimh go measartha éifeachtach. Léirigh mórchuid de na holaí gníomhaíocht ag tiúchan íseal a bheag nó a mhór”.

Rinneadh comhpháirteanna i mblátholaí atá freagrach as a ngníomhaíocht a shainaithint agus a chatagóiriú sa staidéar. Go ginearálta, is iad na blátholaí a bhfuil ardleibhéil na gcomhpháirteanna ard-ghníomhacha ann na hoibreáin fhrithbhaictéaracha.






# Chun Tosaigh i bhForbairt Réigiúnach

# “Ina Shraith-Thábla 2011, thug an Sunday Times ardmholadh dúinn mar gheall ar an ról réigiúnach atá againn mar ‘spreagadh le poist chliste gheilleagair a tharraingt chuig an réigiún’...”

**Trí obair ár bhfoirne san Ionad Nuálaíochta agus obair ár gcuideachtaí tionóntaí, tá clú láidir tógtha againn i dtaca le nuálaíocht agus fiontraíocht. Mar gheall ar shraith leanúnach d’imeachtaí, gníomhaíochtaí agus comhpháirtíochtaí, cuireadh taca faoinár ról.**

## Eolas faoin Ionad Nuálaíochta

**Mar cheann de na chéad institiúid teicneolaíochta a chuir ionad nuálaíochta ar bun a sholáthraíonn tacaíocht do ghnólachtaí áitiúla, is léir é cultúr na fiontraíochta a chothaímid. Le cúnamh uainn, is féidir le gnóthais a dtoilleadh le haghaidh nuálaíochta a threisiú, agus torthaí spreagúla mar thoradh air sin.**

Tá trí chuspóir ar leith ag an Ionad Nuálaíochta:

- **Fiontraithe a chuidiú agus a thacú**
- **Gnóthais nua agus fiontair nua a chothú**
- **Cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí bunaithe maidir lena bhforbairt agus lena leathnú**

Tá breis agus 20 gnólacht nua san Ionad faoi láthair, agus níos mó ná 50 duine fostaithe iontu. Áirítear sna hearnálacha gnó ná forbairt bhogearraí, anailís cheimiceach agus chomhshaoil, biteicneolaíocht, forbairt an bhia sláinte, agus r-fhoghlaim agus dearadh gréasáin.

Soláthraíonn an tIonad Nuálaíochta an bealach inar féidir le gnó agus tionscadal rochtain ar shaibhreas de shaineolas in IT Shligigh. Soláthraímid réimse leathan de sheirbhísí praiticiúla lena n-áirítear: oiliúint fiontraíochta, spás goir, taighde feidhmeach, deiseanna meantóireachta agus líonraithe, rochtain ar shaineolas taighde IT Shligigh, úsáid de shaintrealamh agus áiseanna físchomhdhála agus cruinnithe.

## Spléachadh ar Sheirbhísí an Ionaid Nuálaíochta

Tá láidreachtaí ar leith agus saineolas againn sna réimsí seo a leanas:

- **Inbhuanaitheacht agus teicneolaiochtaí glasa**
- **Cruthaitheacht agus dearadh**
- **Cúram Sláinte**
- **Taighde geilleagair agus sóisialta**
- **Dearadh agus fréamhshamhaltú tapa**

Clúdaítear le comhpháirtíochtaí tionscadail reatha:

- **Bithbhreosla ó algaí**
- **Bithbhreosla ó adhmad**
- **Bainistíocht dramhaíl feirme**
- **Forbairt chógaisíochta**
- **Forbairt táirge agus forbairt seirbhíse**
- **Éiceathurasóireacht**






Ceann Nuálaíochta, Niall McEvoy le Cait Keaveney, Inteirn SIF/ACE.

## Seoladh an Ionaid Nuálaíochta

**Athsheoladh an tIonad i nDeireadh Fómhair 2009 agus spreagaitheasc ag príomh–mheantóir d’fhiontraithe.**

Chuir Harvard Business School an Príomhoifigeach feidhmiúcháin na Cuideachta Farrell faoi oiliúint, a ionadaíonn cuid mhór cliant gormshlise lena n-áirítear IBM, AMEX agus Coca Cola. Spreag sé an lucht freastail le roinnt díospóireachtaí ‘duine le duine’ agus trí chomhairle an-luachmhar le linn an imeachta. Chuir an tUas. Farrell i gcuimhne don mheascán de dhaoine gnó, iarchéimí agus mic léinn a bhí i láthair faoin luach atá le fiontraithe nua, go háirithe i dtréimhse an mheathlaithe:

“Is le linn meathlaithe, agus roinnt daoine maithe á leagan as, a thagann tuilleadh fiontraithe chun tosaigh le ‘triail a bhaint as leo féin’”, a dúirt sé. Agus é ag cuimhneamh gur bhunaigh Bill Gates Microsoft le $700 a fuair sé ar iasacht óna athair, leag sé béim ar an bhfíric gur féidir cuideachta a bhunú gan mórán airgid a bheith i gceist, a fhad is a bhíonn creideamh agus tiomantas ag an duine iontu féin agus ina dtáirgí nó seirbhísí.

Ó athsheoladh é, bhí an tIonad Nuálaíochta ag feidhmiú ag uasacmhainn agus tá gníomhaíocht breise fiontraíochta d’ardluach ginte aige.

## Ag Seachadadh do Ghnó

**Thairg ár n-aonad aistrithe teicneolaíochta agus nuálaíochta comhairle phraiticiúil do réimse leathan de ghnóthais áitiúla. Áirítear leis sin faisnéis ar fhoinsí maoinithe, deiseanna oiliúna, comhairliúchán, foghlaim ar líne agus áiseanna den scoth cumarsáide agus áiseanna ardsonraíochta gnó.**

Tairgimid clár bliana – CÉIM – do na fiontraithe sin a bhfuil smaoineamh nuálaíoch acu, mar chúnamh lena ngnólachtaí féin a bhunú agus a fhorbairt.

Mar aon lenár ngníomhaíocht le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, tá Coca Cola, Abbott International agus Masonite mar chuid dár bpunann comhpháirtithe. Áirítear le gníomhaíochtaí for-rochtana eile:

- **Lá Ealaíne Phobal Shligigh: ghlac foireann agus mic léinn páirt i roinnt imeachtaí ar an gcampas agus ag ionaid seachtracha agus d'óstáil siad imeachtaí freisin.**
- **Tugadh trí chuairt is fiche na cuideachta chun cláir pháirtaimseartha a chur chun cinn.**
- **Tharla clár dianchlár scileanna agallaimh san Ionad Nuálaíochta do chuardaitheoirí post.**




Chris Foy, Stiúrthóir, Equinoxe, Alan McKenna, Stiúrthóir, Equinoxe, an tOllamh Terri Scott, Uachtarán; Dara Calleary TD, Aire Saothair, Gnóthaí Sóisialta agus Trasfhoirmiú Seirbhísí Poiblí, Stephen Castree, Príomhoifigeach Feidhmeannach, Equinoxe agus Stuart Drake, Cathaoirleach, Equinoxe.

## Tionscadal Kite ar Siúl



An tOllamh Terri Scott, Uachtarán; Trevor Neilands, Stiúrthóir Northern Regional College; agus Patricia Wallace, Stiúrthóir um Fhorbairt Gnó, Ayr College ag lainseáil oifigiúil KITE ag Northern Regional College, an Baile Meánach.

**Cuireadh an tionscadal um Aistriú Faisnéise agus Nuálaíochta in Innealtóireacht (KITE) ar bun i gcomhar le NRC, An Baile Meánach agus Coláiste Ayr. Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal go dtí Meitheamh 2012, agus faigheann sé páirtmhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh trí Chlár Trasteorainn INTERREG IVA, faoi bhainistíocht Fhoras Chláir Speisialta an AE.**

Tá an fhoireann KITE comhdhéanta de Stephen Reid, Bainisteoir Tionscadail; Noel Walsh, Tacaíocht Teicniúil TF; Ross McMorrow, Céimí 2009 ón BEng i Meicitreonaic, a sholáthraíonn tacaíocht teicniúil Meicniúil/Meicitreonaice; agus an Dr Marion McAfee, a raibh proifíl shuntasach aici i dteagasc agus taighde ag QUB, mar Innealtóir Forbartha.

Trí KITE, rinneadh dul chun cinn suntasach agus cuireadh Saotharlanna Ar Líne ar bun chun cúrsaí Innealtóireachta ar líne a thacú. Tá Stephen taobh thiar de chur chuige nua maidir le seachadadh d'oiliúint idirghníomhach CAD ar líne, ag úsáid an chláir Webex. Tá an modúl CAD seo mar chuid den chlár nua comhoibrithe i bPróiseáil Pholaiméire le AIT.

Thug Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna, Mary Coughlan TD, moladh do na coláistí ar a gcomhoibriú, agus dúirt sí; "Léiríonn an tionscadal KITE teacht le chéile cuiditheach d'intinní agus d'acmhainní i dtrí réigiún ar mhaithe lena ngeilleagair áitiúla.Chuaigh an tionscadal ina luí orm mar aon leis an bpoitéinseal atá ann don tionsclaíocht. Is cur chuige nuálaíoch den chineál sin a bheidh mar chúnamh dúinn lenár iomaíochas a choinneáil sa gheilleagar domhanda."

## Equinoxe AIS ar an gCampas

**Bhí rath suntasach ag an Ionad Nuálaíochta nuair a d'fhógair Equinoxe AIS go mbeidh cuid dá oibríocht ghnó lonnaithe ar an gcampas. Cruthófar breis agus 50 post agus oibríocht Equinoxe lonnaithe ag an Ionad Nuálaíochta sna trí bliana atá le teacht. Tá ocht bpost déag réamh-mheasta don chéad bhliain.**

D'fhreastail Dara Calleary TD, Aire Gnóthaí Saothair agus Claochlú na Seirbhíse Poiblí, agus Steve Castree, Príomhoifigeach feidhmiúcháin Equinoxe AIS ar an seoladh.

Soláthraíonn Equinoxe AIS seirbhísí riaracháin do thionscadal an chiste fálaithe. Tá ceanncáras aige i mBeirmiúda agus oibríocht Éireannach reatha i Mullach Íde, Co Bhaile Átha Cliath. Leis an bhfógra sin, bunófar Oibriúchán Seirbhísithe Sócmhainne nua ag an Ionad Nuálaíochta, IT Shligigh. Tugann an Rialtas tacaíocht do na poist tríd an IDA.

Agus é ag labhairt ag an seoladh, dúirt an tOllamh Terri Scott: "Is comhartha muiníne é ar an tacaíocht a thugann ár nIonad Nuálaíochta cinneadh Equinoxe AIS suí anseo ag IT Shligigh."

Dúirt Stephen Castree, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Equinoxe AIS, "Bhí an-tionchar ag ár n-eispéireas nuair a bunaíodh agus a forbraíodh ár n-oifig Bhaile Átha Cliath, agus ag a rath go dtí seo, ar an gcinneadh a rinneamar chun an bhreisinfheistíocht seo a shuí in Éirinn."

## Imeachtaí agus Gníomhaiochtaí

**Ag dul i dteagmháil le gnó, geallshealbhóirí agus an pobal i gcoitinne**

**Ghlac ár bhfoireann páirt i sraith d'imeachtaí agus deiseanna líonraithe thar an tréimhse faoi athbhreithniú. Seo a leanas roinnt buaicphointí:**

Ghlac mic léinn ón gcúrsa Baitsiléir Ealaíne i gCúram Luath Leanaí agus Oideachas páirt sa phróiseas Comhairliúcháin Náisiúnta, agus ina dhiaidh sin d'fhreastail ar oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Barry Andrews TD.

Seachadadh sraith de léachtaí poiblí, dar teideal an 'Yeatsian Legacy Talks' . Is é Ronnie Hughes, léachtóir in Ealaíon a bhí i mbun coimeádaíochta sa tsraith, agus an tOllamh Declan McGonagle, Stiúrthóir sa Choláiste Naisiúnta Ealaíne is Deartha a sheol an tsraith le caint.

Faigheann an tionscadal seo tacaíocht ó Chlár PEACE III faoi Fhoras Chláir Speisialta an AE ag Comhairle Chontae Shligigh. Sa tsraith seo bainfear úsáid as na healaíona mar mheán chun féiniúlacht chultúrtha, comhstair agus ceisteanna a bhaineann le seicteachas agus ciníochas a fhiosrú.

Leanadh ar aghaidh le comhoibriú le Gnothais Bheaga agus Mheánmhéide chun taighde margaidh a dhéanamh ar éagsúlacht de chláir chéime Mhargaíochta ó Leibhéal 7 go dtí Leibhéal 9.

Bhí mic léinn margaíochta, i gcomhar le Comhairle Chontae Shligigh, páirteach in eagrú agus óstáil an imeachta Dance Factor, a bhí dírithe ar breis agus 150 páiste áitiúla atá faoi mhíbhuntáiste. D'óstáil mic léinn PR agus Margaíochta sraith imeachtaí, seónna faisin agus pictiúrlann le seirbhís sa charr san áireamh, agus an brabús uile tugtha do charthanais áitiúla éagsúla.

D'óstáil an Institiúid babhta ceannais de 'Dragons Den' VEC Chontae Shligigh ina raibh 39 scoil páirteach le linn ár Seachtaine Fiontraíochta agus Nuálaíochta.

Mar thoradh ar thionscnamh ó Scoil na hEalaíochta, ghlac Oibríochtaí Cógaisíochta Abbott Ireland áitíocht san Ionad Nuálaíochta. Baineadh an rath seo amach trí chomhoibriú ó Cheannasaí Taighde an Dr John Bartlett, Janette Gillen (Ionad Nuálaíochta) agus Peter Griffin (Eastáit).

Tugadh aitheantas do Engineering Documentation Ltd atá bunaithe san Ionad Nuálaíochta mar cheann de na cúig Ghnóthas Nua Éiritheacha go Náisiúnta ag Dámhachtain na nGnólachtaí Beaga 2009 de chuid Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga. Sa chatagóir nua seo tugtar aitheantas do ghnóthú na ngnólachtaí nuathionscanta in Éirinn.

Ainmníodh Epone Biotech, atá lonnaithe san Ionad Nuálaíochta freisin, mar an Chuideachta Éiritheach Is Fearr i gComórtas Gnó Uile-Oileáin 2010 de chuid Seedcorn. Bhunaigh duine de mhuintir Shligigh, an Dr Heinrich Anhold, Epona Biotech i 2008. Tá anailíseoir cheannródaíoch láimhe á fhorbairt ag an gcuideachta, rud atá in ann anailís láithreach fhola a sheachadadh ag taobh an chapaill.



Sa ghrianghraf atá an Dr. Heinrich Anhold, Epona Biotech le Bainisteoir an Lárionaid Nuálaíochta, Janette Gillen.

## Forbairt Réigiúnach agus Líonrú Pobail

**Is cuid fíorthábhachtach i dtógáil de chultúr nuálaíochta agus fiontraíochta sa réigiún é teagmhálaithe a thógáil agus líonraí gnó a bhunú. Mar chuid dár ról réigiúnach téimid i ngleic le mórán for-rochtana agus líonraithe.**

Bhíomar i gcomh-óstáil le North West Connects in Imeacht Líonraithe na bhFiontraithe san Ionad Nuálaíochta. D'fhreastail breis agus 75 toscaire ar an imeacht, a bhí dírithe ar líonrú a bhunú thar réimse de ghnólachtaí éiritheacha.

Thug Ceann Nuálaíochta, Niall McEvoy aitheasc do Líonra Gnó Shligigh (SBN) i Londain ar théama ár bplean straitéisigh athbhreithnithe "Ag Tógáil don Todhchaí". D'fhreastail breis agus 80 comhalta SBN ar an imeacht.

Bhuail coiste monatóireachta d'Fhoras Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (SEUPB) le chéile ag IT Shligigh. Is é an foras sin atá freagrach as maoiniú INTERREG d'Éirinn, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann agus Iarthar na hAlban. Thug an tUachtarán, an tOllamh Terri Scott, aitheasc do CGB Chomhlachas Tráchtála Shligigh i 2009. Thug sí aitheasc freisin d'fhoireann ó Líonra Gnó agus Ban Gairmiúil Shligigh agus ó Abbott Ireland le linn lá forbartha straitéise lasmuigh den láthair.

Tharla sraith de rannpháirtíochtaí agus cuairteanna le hionadaithe sinsearacha ó ESB, Aerfort Iarthar na hEireann, Comhairle Chontae Liatroma, Comhairle Chontae Shligigh, IDA agus Fiontraíocht Éireann agus ó roinnt cuideachtaí áitiúla chun comhoibriú féideartha a fhiosrú.

Tharla na chéad Rásaí Coláiste IT Shligigh a d'eagraigh mic léinn ar an gclár Baitsiléir Gnó in Áineas agus Fóillíocht. Bhí seacht bhfoireann áitiúla ón Institiúid agus ó scoileanna áitiúla in iomaíocht don Trófaí Síorchomórtais Martin Sheridan. Thug Michael Loughnane, agus John Redmond, Stiúrthóir AD agus Rúnaí ESB, cuairt ar an Institiúid chun bualadh leis an bhfoireann le poitéinseal na Scoile Innealtóireachta a fhiosrú maidir le sainoiliúint foirne a sholáthar don ESB. Bhí siad ar cuairt mar gheall ar chuireadh ó Sean Conlan, Léachtóir in Innealtóireacht, atá ina chomhalta den bhord ESB.

I measc cuairteoirí suntasacha eile ar an gcampas bhí an tUas. Ray Mac Sharry;  An tUas. John O Brien, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí (IDA); An tUas. Eddie Friel, Ceann Nuálaíochta agus Fiontraíochta, Ollscoil Uladh; An tUas. Frank Wyse, Rúnaí Cúnta (freagrach as tionscadail chaipitil) An Roinn Oideachais agus Eolaíochta; Robert Engels, Ambasadóir Dúitseach in Éirinn, agus Consal Oinigh, An tUas. Joe Gannon, Cuntasóirí Gilroy Gannon agus Lisa McAllister, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de Choimisiún Forbartha an Iarthair.

## Tagann Dragon's Den go Sligeach

**Tháinig Sarah Newman, réalta na sraithe TF RTÉ, *The Dragon's Den*, mar aoi an Ionaid Nuálaíochta.**

Tríd an gcuairt bhí Ms Newman in ann gnólachtaí nua á bhforbairt a fheiceáil agus tuiscint a fháil i sonraí níos mó ar ról IT Shligigh i smaointe gnó nuálaíochta a spreagadh agus a ghoradh sa réigiún.

Thug gnólachtaí á bhforbairt ón tsaoráid trí chur i láthair – Good4U, Travel Logic and QA Assistant, agus ina dhiaidh sin dúirt sí: "Bhí siad ar na trí chur i láthair dá bhfaca mé riamh. Baineadh siar asam.

"Ba mhaith liom níos mó ama bheith caite agam le gach duine acu agus a gcuid pleananna gnó agus a gcuid airigid a fheiceáil. Bhí na milliúin ceist agam le cur orthu. Bhí siad go hiontach".



Jimmy Devins TD, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Larry Farrell, an tOllamh Terri Scott, Danny McCoy agus Seanadóir Marc MacSharry ag an tSeachtain Fhiontraíochta & Nuálaíochta 2010.

## Seachtain Nuálach agus Fiontrach

**Bhí an chéad Seachtain Nuálach agus Fiontrach a bhí againn i bhFeabhra, 2010. Dearadh í le tacaíocht luachmhar IT Shligigh d'fhiontraíocht, nuálaíocht agus d'fhiontraithe a thaispeáint.**

Agus fáilte á chur roimh na toscairí aici, chuir an tUachtarán, an tOllamh Terri Scott a háthas in iúl faoi líon na ndaoine a bhí i láthair agus faoin suim a léiríodh sa tsraith cheardlann seachtaine. Chuir sí fáilte ar leith roimh rannpháirtithe, Larry Farrell agus Harry Grill a thaistil ó SAM chun páirt a ghlacadh san imeacht suntasach seo.

Is é Danny McCoy, Stiúrthóir Ginearálta IBEC, a sheol an tseachtain, agus thug sé ardmholadh do stair IT Shligigh maidir lena chuid oibre le fiontraíocht.

I measc cainteoirí eile le linn na seachtaine bhí; Sean Gallagher ó cháil Smart Homes agus Dragon's Den; Richard O'Connor ar Mhaoin Intleachtúil a Chosaint, agus Deirdre Walsh, a thug léargas ar ghnó a dhéanamh sa tSín.

Bhí 14 imeacht sa chlár ina raibh breis agus 500 toscaire, mar aon le cainteoirí ar cuairt, máistir-ranganna, ceardlanna agus clinicí fiontraíochta.

Thug na himeachtaí seo deis iontach dúinn feasacht ar ár gcuid oibre a ardú, lena n-áirítear an fíric go bhfuil an tIonad Nuálaíochta ar an gcampas gafa go hiomlán faoi láthair agus go bhfuil athbhreithniú ar thionóntaí agus féidearthachtaí leathnaithe ar siúl.

Seoladh tionscnamh Bhord Forbartha Contae treoraithe ag IT Shligigh le linn Seachtain Fiontraíochta agus Nuálaíochta le 100 céimí a chur i gcuideachtaí áitiúla.

Thug An Tánaiste Mary Coughlan TD cuairt ar an gcampas chun bualadh le rannpháirtithe agus luaigh sí ceannaireacht agus tionscnaíocht IT Shligigh. Luaigh sí go dearfach agus go háirithe rannpháirtíocht ghníomhach na mac léinn agus an fíor-chomhoibriú idir IT Shligigh agus geallshealbhóirí réigiúnacha.

Bhí an t-imeacht faoi stiúir Niall McEvoy, Ceann Nuálaíochta, agus Bainisteoir an Ionaid Nuálaíochta, Janette Gillen. Le linn na seachtaine d'eagraigh Roisin McGloin agus Cathy O'Kelly, léachtóirí i ngnó, seoladh an tionscadail earnála SIF ACE (Accelerated Campus Entrepreneurial/Intrepreneuri) agus spreagchainteoir Larry Farrell ann.



Ard-Stiúrthóir IBEC, Danny McCoy

### Seachtain Náisiúnta Eolaíochta

**Pléasc agus pop, turas ar líne, éicithiomáint, roinnt screadanna, roinnt cnámharlachan agus a lán eile. Sin blas, ach blas beag, de na Seachtainí Eolaíochta ar an gcampas.**

Gach bliain osclaímid na doirse Eolaíochta agus Innealtóireachta roimh an bpobal. Cuirtear fáilte roimh pháistí agus daoine fásta páirt a ghlacadh sa spraoi.

I measc na bpríomhimeachtaí i 2009 agus 2010 bhí tástáil Margaret Savage, an léachtóir eolaíochta, leis an 'Leanbh is Guthaí i Sligeach' a aimsiú. D'óstáil ár Roinn Seandálaíochta éacht go hiomlán idirghníomhach seandálaíochta do gach duine.

Tuganann 'Draíocht, Eolaíocht nó Rún' le Paul McCrory eolas don lucht féachána ar dhomhain rúnda an draoi, áit nach mbíonn cúrsaí mar a shíltear.

Thug Dale Treadwell, ón seó RTÉ Kazoo, a chuid smaointe ar an saol atá le fáil i do chúlghairdín, chomh maith le smaointe chun gairdín céadfach a chruthú. Thairg Robin Barry amharc níos cóngaraí ar na feithidí thart timpeall ort sa 'Cheardlann Éiceolaíochta agus Bithéagsúlachta'. Thug Annabel McLoone cur i láthair idirghníomhach corraitheach ar eolaíocht an athraithe aeráide.

Thaispeáin 'Beastly Bones' le Mick O'Connell codanna na míolta agus na ndeilfeanna nach bhfeictear go minic! Agus sa Linn Carraige Soghluaiste Exploris, bhí deis ag leanaí agus tuismitheoirí bheith cóngarach d'fhiadhúlra áitiúil muirí ina ngnáthóg cruthaithe go speisialta.

In 'Eolaíocht na Reilige' taispeánadh an bailiúchán is mó agus is fearr caomhnaithe a tochlaíodh riamh in Éirinn, a aimsíodh i 2004.






# Forbairt Caipitil

# “Cúiseanna €12 Milliúin do Rath IT Shligigh...”

## Ag Feabhsú ár gCampais

**I 2009 chuireamar tús le hathfhorbairt aidhmeannach €12million ar an gcampas. Tríd an gclár spreagúil oibre seo bhíomar in ann réimse áiseanna nua a athchóiriú agus a fhorbairt, lena n-áirítear an Leabharlann nua Yeats agus Ionad Nua Seirbhísí na Mac Léinn.**

**Osclaíodh Ionad Nua Seirbhísí na Mac Léinn ar shuíomh an tsean-Aula Maxima i Méan Fómhair. Is breis suntasach dár gcampas é agus tá ardmholadh tuilte ag gach duine a bhí páirteach lena chríochnú rathúil in éadan am-scalaí agus buiséid.**

D'uasghrádaíomar freisin ár n-áiseanna spóirt, agus soilsiú curtha leis an raon reatha agus cosán. Ó cuireadh na feabhsúcháin seo i bhfeidhm, tá níos mó úsáide á baint as ár n-áiseanna ag foireann, mic léinn agus an pobal áitiúil.

## Leabharlann Yeats

I Samhain 2009 bhíomar in ann ár pleananna a leagan amach maidir le hathfhorbairt dár Leabharlann, agus le plean tionscadail mionsonraithe bhí sé beartaithe go n-osclófaí Ionad Acmhainne Foghlama san Fhómhair 2010.

De réir phlean, ama agus bhuiséid, osclaíodh Foirgneamh nua na Leabharlainne Yeats san Fhómhair 2010, agus é deartha le riachtanais an chéad ghlúin eile d'fhoghlaimeoirí a chomlíonadh. Dúblaíodh a bheag nó a mhór achar iomlán na leabharlainne ó 1,882 m2 go dtí 3,128 m2 agus ainmníodh na trí urlár mar limistéir fhoghlama ar leith:





- Is **'Limistéar Foghlama Sóisialta'** é an bunurlár ina bhfuil troscán grúpa nuálach a spreagann mic léinn bheith ag obair le chéile in atmaisféar neamhfhoirmiúil agus sóisialta.
- Tá an **'Limistéar Faisnéise'** ar an gcéad urlár, áit a dtéann an fhoireann i ngleic le ceisteanna ó mhic léin agus áit a dtugann siad cúnamh dóibh le hacmhainní ar líne agus priontála.
- Tá an **'Limistéar Ciúin'** traidisiúnta ar an dara hurlár, de thairbhe go mbeidh tréimhse i gcónaí nuair a bhíonn an suaimhneas atá bainteach le leabharlann traidisiúnta de dhíth ar mhic léinn.

Bunathríodh an tsaoráid seo chun feabhais, agus tá réimse nua gnéithe inti, lena n-áirítear 13 seomra seimineáir ina bhfuil áiseanna ríomhaire agus scáileáin taispeántais, chomh maith le 644 suíochán a bhfuil cumhacht agus clúdach líonra acu.

Is í Uachtarán na hÉireann, Mary McAleese a d'oscail go foirmiúil foirneamh nua na Leabharlainne Yeats, agus dúirt sí: “Ceanglaíonn clár reatha forbartha IT Shligigh am caite agus todchaí an réigiúin seo go compordach; ag tabhairt ómóis d'oidhreacht mhór litleartha an Iarthair, agus ag seachadadh modhanna oideolaíocha nua agus nua-aimseartha freisin.”




Cuireann an tUachtarán, an tOllamh Terri Scott, fáilte roimh an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa agus roimh an Dr. Máirtín Mac Giolla Íosa chuig IT, Sligeach. Sa ghrianghraf freisin atá Ray MacSharry a ceapadh mar chathaoirleach IT Shligigh ag tús na bliana 2011.

## Osclaíodh Ionad Nua Athchúrsála

Osclaíodh Ionad nua Athchúrsála ar an gcampas i 2010 chun cairtchlár, pacáistiú plaisteach, nuachtáin agus irisleabhair a athchúrsáil. Sna míonna luatha athchúrsáladh trí thonna ábhair sa mhí ag an ionad. Beidh sé sin ina chuidiú dúinn lenár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus le cur le laghdú dár mbille dramhaíola. Tá sé beartaithe go mbeidh ábhair eile athchúrsáilte ag an ionad sa todhchaí.



Sa ghrianghraf ag an Ionad Athchúrsála nua ag IT, Sligeach atá; Peter Byrne, Oifig Eastát; Pat Devaney, Oifig Eastát; Grace Herbert, Cathaoirleach, An Cumann Comhshaoil, IT, Sligeach; Patrick McLoughlin, Cisteoir, An Cumann Comhshaoil, IT, Sligeach; Anne Rose, Rúnaí, An Cumann Comhshaoil, IT, Sligeach; Ruth Hegarty, Mac léinn iarchéime 'Green Campus' agus ball den Chumann Comhshaoil, IT, Sligeach.



An Tuirbín Gaoithe nua a cuireadh suas in 2010.

## Tá réitigh fhuinnimh ag 'séideadh sa ghaoth'

Tógadh tuirbín gaoithe ar na tailte spóirt i 2010. Tá an struchtúr suntasach seo 20 méadar in airde go neasach agus trastomhas tuirbín 13 méadar air. Gineann sé 22kw de chumhacht agus beidh páirt aige sa straitéis fadtéarma maidir le riachtanais fhuinnimh IT Shligigh. Tá aschur an tuirbín ceangailte le Láthair Chnoc na Riabh agus seach-chuirfidh sé an chumhacht a úsáideann an foirgneamh sin. San oíche agus an tuirbín ag feidhmiú, soláthróidh an chumhacht ginte soilsiú seachtrach ar an gcampas.

Cuirfear na sonraí atá gafa ar luas gaoithe, treo gaoithe agus KWh ginte ar fáil chun bunachar sonraí faisnéise a fhothú a bheidh in úsáid ag mic léinn ar chúrsaí staidéir sna scoileanna innealtóireachta, eolaíochta agus gnó.






# Seirbhísí do Mhic Léinn

# “Ag Tabhairt Tacaíochta Dár gCuid Mac Léinn...”

**Nuair a osclaíodh ár nAonad nua Seirbhísí do Mhic Léinn bhíomar in ann na codanna éagsúla tacaíochta do mhic léinn a thabhairt le chéile in aon áit amháin. Ligeann sé seo dúinn seirbhís shaoráideach do mhic léinn níos comhtháite a sholáthar.**

**Athshuíodh Comhairleoireacht, Tacaíocht Míochaine, an tSéiplíneacht agus Tacaíocht Deiseanna Iontrála agus Foghlama don fhoirgneamh seirbhísí do mhic léinn saintógtha nua.**

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú d’eagraigh ár bhfoireann Seirbhísí do Mhic Léinn sraith imeachtaí agus tionscnamh a ceapadh lenár gcohórt mac léinn a oiliúint, a chur ar an eolas agus le cuidiú leo.

Áirítear sna samplaí ná imeachtaí a d’eagraigh an tSeirbhís Chomhairleoireachta do Mhic Léinn amhail Promóisean ar Mhaithe le Sláinte Intinne sa Scoil Innealtóireachta agus ceardlanna ar ‘Dhrugaí agus Alcól: na Rioscaí’ agus ’Bainistíocht ar an Strus’ sa Scoil Eolaíochta. Ghlac breis agus 200 mac léinn páirt sna tionscnaimh seo, a bhí ar siúl taobh le tacaíocht comhairleoireachta leanúnach duine le duine do mhic léinn.

Suiteáladh dífhibrileoirí (AED) in áiteanna roghnaithe timpeall na hInstitiúide i gcaibinéid mharcáilte. Tá oiliúint ‘Cardiac First Responder’ (Chéad Fhreagróirí Cairdiacha) ag dul ar aghaidh faoi láthair agus 18 mball foirne eile le cur faoi oiliúint roimh an Nollaig, nuair a bheas 23 ball foirne oilte san iomlán.

## Cairt na Mac Léinn Marcáilte

Rinneamar Cairt na Mac Léinn nua a lainseáil le hionchur ag Aontas na Mac Léinn. Áirítear Cód Iompair agus Nósanna Imeachta Araíonachta i gCairt na Mac Léinn. Baineann siad seo le gach mac léinn cláraithe atá ag staidéar nó atá ar shocrúchán oibre agus le gach oifigeach lánaimseartha Aontas na Mac Léinn. Táimid ag obair i gcomhair leis na Gardaí agus leis an gComhairle Contae le tionscnaimh agus prótacail an phobail a fhiosrú le tarluithe iompair fhrithshóisialta a laghdú agus a thabhairt faoi.

Thionóil an tUachtarán Terri Scott agus Breffni Gorman, Uachtarán Aontas na Mac Léinn, in éineacht le líon comhghleacaithe a bhfuil baint acu le Seirbhísí do Mhic Léinn, thionóil siad cruinnithe le Gardaí an phobail le caidreamh idir na mic léinn agus an pobal a phlé. Coinneoidh na Gardaí suas chun dáta maidir leis na Prótacail Araíonachta. Tionóladh cruinnithe freisin le hoifigí de chuid Chomhairle Contae Shligigh le réimsí comhoibrithe a mheas chun caidreamh pobail éifeachtach a chothú.

Bronnadh Corn Sheáin Mhic Mhagnais ar Uachtarán Aontas na Mac Léinn, Breffni Gorman, agus ar an Uas. Vianney Tully, Cathaoirleach Cumann Cónaitheoirí Pháirc Mhaoildeirge/Faiche Ashbury ina dhiaidh sin i 2010, as an obair ar thug siad faoi le feabhas a chur ar chaidreamh idir na mic léinn agus muintir na háite.

## Ag Briseadh an Mhúnla

Tugann ár gclár um dheiseanna iontrála ‘Breaking the Mould’ (Ag Briseadh an Mhúnla) deiseanna do mhic léinn nach mbeadh in ann leanúint ar aghaidh le hoideachas tríú leibhéil seachas sin.

Tá an clár ceaptha do mhic léinn a bhfuil an cumas acu leas agus rath a bhaint as ardoideachas. De ghnáth, is féidir nár fhreastail siad mar gheall ar dhífhostaíocht fhadtéarmach, ar íseal ioncaim na dteaghlach, nó nach raibh an traidisiún ann sa teaghlach leanúint ar aghaidh le hardoideachas.

Mic léinn a n-éiríonn leo ina n-iarratas don chlár, tairgtear áit dóibh ina gcúrsa roghnaithe má éiríonn leo íosriachtanais iontrála a bhaint amach agus má tá siad laistigh de deich faoin gcéad de na pointí a éilítear faoi Lár-Oifig Iontrála.

Faigheann siad sparánacht le cuidiú leo ina dtrasdul isteach oideachas tríú leibhéil agus baineann siad tairbhe as clár trasdula i scoil samhraidh saor in aisce agus as meantóireacht duine le duine trí Oifig Deiseanna Iontrála IT Shligigh freisin.

Le linn an dá bhliain anuas bhain breis agus daichead mac léinn tairbhe dhíreach as an gclár nuálach deiseanna iontrála seo.




# Acmhainní Daonna

# “Daoine ag Obair le Chéile …”

**Amhail institiúidi ardoideachais eile ar fud na hearnála bhí orainn feidhmiú le dhá bhliain anuas faoi mhoratóir an Rialtais ar earcaíocht foirne.**

**Bhí áthas orainn forbairt leanúnach cúrsa agus campais a thaifeadadh le linn na tréimhse sin, mar gheall ar úsáid stuama dár gcohórt atá ann cheana féin. Mar an gcéanna, bhíomar buíoch den tacaíocht agus comhoibriú leanúnach ón bhfoireann, rud a chinntigh go mbeadh cur chuige coláisteach ar chúrsaí dírithe.**

Le linn na tréimhse seo, bhí riachtanas ann gach iarratas le haghaidh post cur isteach chuig an HEA le haghaidh faofa.

San iomlán bhíomar in ann laghdú 6% i gcroífhoireann a bhaint amach idir Nollaig 2008 agus Nollaig 2010, agus ag an am céanna bhí rath againn faomhadh a fháil le haghaidh roinnt post mar gheall ar láidreacht ár gclár páirtaimseartha a ghineann ioncam. Fógraíodh roinnt post, lena n-áirítear Ceann na Scoile Eolaíochta, i Márta 2010.

In ainneoin na srianta soiléire, léiríomar forbairtí leanúnacha i rannpháirtíocht na mac léinn, gníomhachtú mhargadh an tsaothair agus tionscnaimh eile, agus cuireadh bearta i bhfeidhm le feidhmiú taobh istigh de buiséad cothromaithe sa chúinse geilleagair atá ann.

Déanfaimid athbhreithniú riaracháin ar an mbealach is fearr le tacaíocht riaracháin a thabhairt d’obair acadúil.

## Foireanna a Chuidiú agus a Chothú

Is uirlis thábhachtach bhainistíochta í an Scéim Bhainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) a chinntíonn go mbíonn ár bhfoireann dírithe ar chuspóirí soiléire atá ceangailte leis an bPlean Straitéiseach. Tugadh aitheantas freisin don rannpháirtíocht sin don Institiúid go mbíonn acmhainní oiliúna agus forbartha dírithe le riachtanais fhadtéarma na hInstitiúide a chomhlíonadh agus go gcuirtear feabhas ar chumarsaid idir an fhoireann agus a mbainisteoirí. Tar éis athbhreithnithe ar dhul chun cinn in éadan an Phlean Straitéisigh, athsheoladh an scéim PMDS ar fud na hInstitiúide agus cuspóirí comhaontaithe ag leibhéal an Fheidhmeannais, ag dul chuig gach ball foirne tríd an nGrúpa Sinsearach Bainistíochta.

## Oiliúint agus Forbairt Foirne

Leantar ar aghaidh le ceardlanna EDU ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear acmhainní ar líne, cailíocht acadúil, modúil agus cláir scríbhneoireachta agus dea-chleachtas i bhFoghlaim agus i dTeagasc.

## Tabhairt isteach d’Fhoghlaim Bunaithe ar Fhiosrúchán

Bhí Roinn na hEolaíochta Comhshaoil chun tosaigh i dtabhairt isteach d’Fhoghlaim Bunaithe ar Fhiosrúchán. Fuair an Dr Billy Fitzgerald maoiniú ón Acadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Oiliúna agus Foghlama (NAIRTL) chun saotharlann a fhorbairt atá cosúil le fíorthimpeallacht oibre sa BA Eolaíocht Chomhshaoil (Hons) BSc, áit a mbíonn mic léinn ag obair i bhfoirne agus iad freagrach as cothabháil, oibriúchán agus monatóireacht d’ionad cóireála fuíolluisce ar scála na saotharlainne.

Tháinig an BSc (Hons) i Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, agus teagasctar breis agus cúigiú a chláir trí úsáid a bhaint as EBL.

D’fhorbair nuálaíocht i ndearadh curaclaim an chláir inniúlachtaí gairmiúla agus sraitheanna scileanna inaistrithe sna mic léinn. I Samhain 2010, rinneadh suirbhé ar gach ceann de na 32 fostóir a ghlac páirt sa scéim shocraithe BSc (Hons) i Sábháilteacht agus Sláinte Cheird, agus léiríodh gur chomhlíon na mic léinn ionchais na bhfostóirí, agus chuaigh breis agus 80% acu thar ionchais na bhfostóirí.






# Mórghníomhartha Spóirt

# Saol Spórt … ”

**Cuireadh feabhas an-mhór ar áiseanna spórt agus fóillíochta le blianta beaga anuas, buíoch leis an infheistíocht acmhainní suntasacha.**

**Tá seomra aclaíochta, halla spórt, ceaintín agus seomraí gléasta inmheánacha agus seachtracha in Airéine Chnoc na Riabh, a críochnaíodh Eanáir 2007. Tá meaisíní meáchain aonair ann sa seomra aclaíochta a thugann dé-rochtain d'úsáideoirí cathaoireacha.**

Áiríodh in Infheistíocht €2 milliún in 2010 forbairt páirce AstroTurf 3G. Tá tuilsoilse ann sa pháirc agus is féidir úsáid a bhaint aisti i ngach dálaí aimsire.

Tá bua sármhaith bainte amach againn i gcomórtas idir-ollscoile agus go háirithe sa pheil ghaelach, ag na mná agus na fir araon. Sa bhliain 2008, bhí mórtas ar fhoireann CLG pheil na mban sinsearach s'againn nuair a cháiligh siad sa chluiche ceannais, Corn Uí Chonchúir agus chaill siad in éadan Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh an-trácht ar fhoireann Pheil na bhfear sinsear, a bhfuil clú agus cáil bainte amach acu faoin am seo i gCorn Sigerson, i gcluiche stairiúil in éadan Ollscoil Uladh, Baile Shiúrdáin.

I ndiaidh dhá thréimhse ama bhreise, bhí an dá fhoireann cothrom go fóill agus socraíodh le pionóis é, ar an drochuair bhí IT Shligigh buailte dá réir.

Sa bhliain 2009, i ndiaidh cluiche den chéad scoth sa sraithchomórtas sinsir buaileadh foireann na bhfear athuair in éadan fhoireann sárimreoirí UUJ in Sigerson don dara bhliain i ndiaidh a chéile. D'éirigh leis an bhfoireann céad bhliana an cluiche ceannais a bhaint amach sa chraobhchluiche agus chinntigh an fhoireann shóisearach comhramh airgid don Institiúid tríd an gCraobhchluiche Sóisearach Tionscnaimh a bhaint.

Bhí rath ag ár bhfoireann sacair freisin. Bhain foireann sinsir na bhfear an Corn Umbro in 2009. Bhain foireann sacair na mban ceithre phríomhshraith i ndiaidh a chéile idir 2004 agus 2007. Bhain siad dhé chorn idir-ollscoile le linn na tréimhse sin freisin.

Ní bhaineann spóirt ag IT Shligigh leis na cluichí traidisiúnta agus cluiche páirce aitheanta amháin. Is é is aidhm ag ár scéim Scoláireacht Spórt cuidiú le mic léinn a bhfuil an bua lúthchleasaíochta acu a gcumas spórtaíochta a bhaint amach i réimse leathan chód spórt.

Trí na Scoláireachtaí Spórt, aithníonn an Institiúid ardchaighdeán feabhais agus tugann luaíocht air agus cuireann ar chumas iad siúd a bhfuil an bua agus an díocas acu rath a bhaint amach ag an leibhéal is airde is féidir ina spórt féin.

Rinne na lúthchleasaithe seo ionadaíocht d'IT Shligigh i gcomórtais idir-ollscoile. Bronntar breis agus 30 scoláireacht agus sparánacht gach bliain agus tugtar tacaíocht do lúthchleasaithe i gcóid lena n-áirítear mar seo a leanas; CLG, sacar, tonnmharcaíocht, liathróid raicéid, dornáil agus gailf. Leis an fhírinne a rá, bhain ár gcuid mac léin an-leas as ár suíomh atá gar do na hionaid tonnmharcaíochta amhail an Leathros agus Ros Neamhlach, agus tonnmharcaigh ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta inár gcuid mac léinn.








# An Bord Rialaithe agus Comhairle Acadúil

# An Bhoird Rialaithe 2005 – 2010

### Cuid 4 (1) (a) and (b)
**Cllr Margaret Gormley**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Shligigh)
**Cllr Michael Fleming**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Shligigh)
**Cllr Ita Fox**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Shligigh)
**An Dr. Bernie Courtney**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Mhaigh Eo)
**Cllr Francis Gilmartin**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Liatroma)
**Ms Anne Flood**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall)

### Cuid 4 (1) (c)
**Ms Brenda Boyle** (Foireann Acadúil)
**an tUas. Kevin Savage** (Foireann Acadúil)

### Cuid 4 (1) (d)
**An tUas. Martin Cronin** (Foireann Neamh- Acadúil)

### Cuid 4 (1) (d)
**Ms Yvonne Lynch** (Mac Léinn)
**an tUas. Colm Hamrogue** (Mac Léinn)

### Cuid 4 (1) (f)
**An tUas. Joe McDonagh** (ICTU)

### Cuid 4 (1) (g)
**Ms Helen Masterson** (IBEC)
**An tUas. Michael Guilfoyle**
(Comharchumann Connacht Gold Teo)
**An tUas. Gerry McManus** (Comhlachas Tráchtála & Tionsclaíochta Shligigh)
**An tUas. Willie Murphy** (Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte – Ceantar an Iarthuaiscirt)
**An tUas. Caoimhin Corrigan**
(Comhairle Ealaíon)

### Cathaoirleach
### Cuid 6 (2) (a)
**Cllr Joseph Queenan Cathaoirleach**

### Stiúrthóir
### Cuid 6 (2) (a)
**An Dr. Richard Thorn Stiúrthóir**

### Rúnaí don Bhord Rialaithe
**An tUas. John Cosgrove**
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais

### Comhairleoirí
**An tUas. Dermot M Finan**
Cláraitheoir
**An tUas. Terry Young**
Ceann na Scoile Gnó & Daonnachtaí
**An Dr. Brendan McCormack**
Ceann na Scoile Innealtóireachta
**An Dr. Bert Geraghty**
Ceann na Scoile Eolaíochta
**An tUas. Padraig Ryan**
Ceann na Timpeallachta Foghlama
**+1 Ionadaí Bainistíochta Sinsearaí - Ms Caroline Casey**



# An Boird Rialaithe 2010 go dtí seo

### Cuid 4 (1) (a) and (b)
**Cllr Mary Barrett**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Shligigh)
**Cllr Margaret Gormley**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Shligigh)
**An tUas. Shaun Purcell**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Shligigh)
**Cllr Tereasa McGuire**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Mhaigh Eo)
**Cllr Enda McGloin**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Liatroma)
**Ms Mary McGowan**
(Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall)

### Cuid 4 (1) (c)
**Ms Maeliosa O'Brien** (Foireann Acadúil)
**An tUas. Ted McGowan** (Foireann Acadúil)

### Cuid 4 (1) (d)
**Ms Sheelagh O'Gara** (Foireann Neamh- Acadúil)

### Cuid 4 (1) (d)
**Ms Breffni Gorman** (Mac Léinn)
**An tUas. George Leech** (Mac Léinn)

### Cuid 4 (1) (f)
**An tUas. Joe McDonagh** (ICTU)

### Cuid 4 (1) (g)
**An tUas. Sean McEwen**
(Comhlachas Tráchtála Mheiriceá)
**An tUas. Caoimhin Corrigan**
(Comhairle Ealaíon)
**An tUas. John McGowan** (Innealtóirí Éireann)
**An tUas. Declan Walsh**
(Institiúid na gCuntasóirí Cairte)
**An Dr. Mary Hodson** (FSS – Thiar Thuaidh)

### Cathaoirleach
### Section 6 (2) (a)
**Cllr Joseph Queenan Cathaoirleach**

### Stiúrthóir
### Cuid 6 (2) (a)
**An tOllamh Terri Scott Uachtarán**

### Rúnaí don Bhord Rialaithe
**An tUas. John Cosgrove**
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais

### Comhairleoirí
**An Dr. Jeremy Bird**
Ceann na Scoile Eolaíochta
**An tUas. Joe Cox**
Ceann Straitéise & Polasaí
**An tUas. Jim Hanley**
Ceann na Scoile Innealtóireachta
**An Dr. Brendan McCormack**
Cláraitheoir
**An tUas. Gordon Ryan**
Ceann Forbartha & Oibriúcháin Ghnó
**An tUas. Terry Young**
Ceann na Scoile Gnó & Daonnachtaí

# Comhaltaí na Comhairle Acadúla

## Comhaltaí na Comhairle Acadúla 2008 - 2009

An tOllamh Terri Scott
An Dr. Brendan McCormack
An Dr. John Barlett
An tUas. Aiden Bell
An Dr. James Brennan
Ms. Krys Burns
An tUas. Frank Carter
An tUas. Michael Casserly
Ms. Grace Corcoran
An tUas. Alan Costello (Ionadaí Mic Leinn)
Ms. Elaine Cotton
An Dr. Leo Creedon
An tUas. Padraic Cuffe
Ms. Eimear Donlon
An Dr. Billy Fitzgerald
An tUas. Eamon Fitzpatrick
An tUas. Jim Foran
An Dr. Bert Geraghty
An tUas. Jim Hanley
An tUas. Ben Healy
Ms. Carmel Henry
An Dr. John Hession
Ms. Ann Higgins
An Dr. Oliver Joyce
An Dr. Brian McCann
An tUas. Daniel McGarrigle (Ionadaí Mic Leinn)
An tUas. Louis McManus
Ms. Blaithin McGrath
An Dr. Catherine McGuinn
An tUas. Keith McManus
An tUas. Noel Moran
Ms. Maeliosa O'Brien
Ms. Jacqueline O'Toole
An tUas. Paul Powell
An tUas. David Roberts
An tUas. Murdeach Ryan
An tUas. Kevin Savage
An tUas. Pat Scanlon
An Dr. Perry Share
An tUas. Terry Young

## Comhaltaí na Comhairle Acadúla 2009 - 2010

An tOllamh Terri Scott
An Dr. Brendan McCormack
An Dr. John Barlett
An tUas. Aiden Bell
An Dr. Jeremy Bird
An Dr. James Brennan
Ms. Krys Burns
An tUas. Frank Carter
An tUas. Michael Casserly
Ms. Grace Corcoran
Ms. Elaine Cotton
An Dr. Leo Creedon
An tUas. Padraic Cuffe
An tUas. Kevin Daly (Ionadaí Mic Leinn)
Ms. Eimear Donlon
Ms. Stephanie Donegan
An Dr. Billy Fitzgerald
An tUas. Eamon Fitzpatrick
An tUas. Jim Foran
Ms. Breffni Gorman (Ionadaí Mic Leinn)
An tUas. Jim Hanley
An tUas. Ben Healy
Ms. Carmel Henry
An Dr. John Hession
Ms. Ann Higgins
An Dr. Oliver Joyce
An Dr. Brian McCann
An tUas. Louis McManus
Ms. Blaithin McGrath
An Dr. Catherine McGuinn
An tUas. Keith McManus
An tUas. Noel Moran
Ms. Maeliosa O'Brien
Ms. Jacqueline O'Toole
An tUas. Paul Powell
An tUas. David Roberts
An tUas. Murdeach Ryan
An tUas. Kevin Savage
An tUas. Pat Scanlon
An Dr. Perry Share
An tUas. Terry Young
An tUas. Michael Barrett




# Cuntais

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

**don Bhliain dár Críoch 31 Lúnasa 2009**

| Ioncam | Nóta | 2009 €'000s | 2008 €'000s |
|---|---|---|---|
| Deontais Stáit | 1 | 21,055 | 23,294 |
| Táille Teagaisc | 2 | 10,902 | 9,693 |
| Táillí Clárúcháin na Mac Léinn | 3 | 3,410 | 2,954 |
| Amúchadh na nDeontas Caipitil Iarchurtha | 17 | 2,648 | 2,562 |
| Deontais taighde agus Conarthaí | 4 | 1,793 | 1,569 |
| Ioncam eile | 6 | 2,420 | 2,257 |
| Ioncam Cistiúcháin Tacaíochta do Mhic Léinn aitheanta | 5 | 282 | 227 |
| Ioncam Úis | / | 1,031 | 527 |
| | | **43,541** | **43,083** |
| **Caiteachas** | | | |
| Ranna Acadúla | 7 | 25,833 | 25,628 |
| Seirbhísí Acadúla | 8 | 1,912 | 1,699 |
| Costais na nÁiseanna | 9 | 2,846 | 2,849 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí | 10 | 3,596 | 4,040 |
| Costais Oideachais Ghinearálta | 11 | 1,029 | 1,069 |
| Táillí Clárúcháin na Mac Léinn | 3 | 905 | 906 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí | 4 | 1,742 | 1,618 |
| Ioncam Cistiúcháin Tacaíochta do Mhic Léinn feidhmithe | 5 | 282 | 227 |
| Eile | / | 384 | 118 |
| Dímheas | 14 | 2,648 | 2,562 |
| | | **41,177** | **40,716** |
| **Barrachas Oibriúcháin** | / | **2,364** | **2,367** |
| **Aistriú go Cúlchiste Nach Bhfuil Fáil Air** | / | (1,450) | (1,821) |
| **Barrachas Carntha Dar Críoch 1ú Meán Fómhair** | / | **7,578** | **7,032** |
| **Barrachas Carntha Dar Críoch 31ú Lúnasa** | / | **8,492** | **7,578** |

Níl aon ghnóthachan ná caillteanas ann seachas iad siúd atá aitheanta thuas.
Tá an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 25 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Clár Comhardaithe

| | Nóta | 2009 €'000s | 2008 €'000s |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 14 | 59,502 | 57,613 |
| | | 59,502 | 57,613 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 15 | 812 | 2,609 |
| Airgead ar láimh sa bhanc | / | 21,077 | 16,675 |
| | | 21,889 | 19,284 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhraithe - Suimeanna le hÍoc faoi cheann bliana | 16 | 9,132 | 5,971 |
| **Glansócmhainní Reatha** | / | 12,757 | 13,313 |
| **Glansócmhainní** | / | 72,259 | 70,926 |
| Arna mhaoiniú ag: | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 59,502 | 57,613 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | / | 8,492 | 7,578 |
| Cúlchiste nach bhfuil fáil air | 20 | 4,265 | 5,735 |
| | | 72,259 | 70,926 |

Tá ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí a ghabhann leis 1 go 25 mar chuid de na ráitis airgeadais.

# Tuarascáil Airgeadais

### An tAcht maidir le Cuntais a Íocadh in Am

Beartas na hInstitiúide is ea íocaíochtaí a phróiseáil de féir forálacha Achtanna um Chuntais a Íocadh in Am 1997-2002.

### Acomhaire ar Ráitis Airgeadais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár Críoch 31 Lúnasa 2009.

| | 2008/09<br>€'000s | 2007/08<br>€'000s |
|---|---|---|
| **Ioncam** | 43541 | 43083 |
| **Caiteachas** | 41177.25 | 40716 |
| **Barrachas Oibriúcháin** | 2363.75 | 2367 |
| **Aistriú go Cúlchiste Nach Bhfuil Fáil Air** | (1,450) | (1,821) |
| **Barrachas Carntha ag Deireadh na Bliana** | 7578 | 7032 |

### Anailís ar Ioncam agus Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas Stáit | 48% | 54% |
| Táillí Teagaisc | 25% | 22% |
| Eile | 27% | 23% |
| **Caiteachas** | | |
| Ranna Acadúla agus Seirbhísí | 67% | 67% |
| Riarachán Ginearálta agus Seirbhísí | 9% | 10% |
| Áitreabh agus Dímheas | 13% | 13% |
| Eile | 6% | 6% |

### Clár Comhardaithe Dár Chríoch 31 Lúnasa 2009

| | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 59,502 | 57,613 |
| **Sócmhainní Reatha** | 21,889 | 19,284 |
| **Féichiúnaithe** (le híoc faoi cheann bliana) | 9,132 | 5,971 |
| **Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha** | 72,259 | 70,926 |
| **Creidiúnaithe** (le híoc tar éis bliain amháin) | 0 | 0 |
| **Glansócmhainní** | 72,259 | 70,926 |

### Cúlchistí

| | | |
|---|---|---|
| **Caipiteal** | 59,502 | 57,613 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | 8,492 | 7,578 |
| **Cúlchiste nach bhfuil fáil air** | 4,265 | 5,735 |
| | **72,259** | **70,926** |

**Uachtarán:** An tOllamh Terri Scott
**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Joe Queenan